Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
January 2020

Matamaitic

Aonad M5 Páipéar 2
(Le háireamhán)
Bonnsraith

[GMC52] *GMC52*

DÉ CÉADAOIN 15 EANÁIR, 10.45am–11.45am

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist **déag.**
Ba chóir an obair go léir a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
Tá cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir go mbeadh áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

Bileog Foirmlí

Achar traipéisiam $= \frac{1}{2}(a+b)h$



Toirt phriosma = achar trasghearrtha × fad



1 Tá cuid de sheicheamh uimhreacha ar taispeáint.

… 25, 36, 49, 64, 81, …

(a) Cad é an t-ainm atá ar an tseicheamh?

Freagra _____ [1]

(b) Anseo thíos tá patrún brící a sheasann do na chéad trí uimhir thriantánacha.



(i) Tarraing patrún 4 ar an eangach thuas. [1]

(ii) Comhlánaigh an tábla don líon brící sa phatrún.

Patrún 1	Patrún 2	Patrún 3	Patrún 4
1	3		

[1]

[Tiontaigh an leathanach

2 Frithchaith na cruthanna sa líne scáthánach.

líne scáthánach



[2]

3 Tá roinnt áiteanna i dTuaisceart Éireann taispeánta ar an léarscáil.

Scála: Seasann 1 cm do 15 km



(a) Cé acu áit, a thaispeántar ar an léarscáil, is faide siar?

Freagra _____ [1]

(b) Cé acu áit, a thaispeántar ar an léarscáil, atá soir ó thuaidh ón Ómaigh?

Freagra _____ [1]

(c) Eitlíonn éan go díreach ón Chéide go dtí Latharna.
Cad é an fad slí iarbhír a eitlíonn an t-éan?

Freagra _____ km [2]

(d) Tá Baile Monaidh 30 km soir díreach ó Léim an Mhadaidh.
Marcáil Baile Monaidh ar an léarscáil le ×. [2]

[Tiontaigh an leathanach

4 Tá roinnt T-léinte ag Mel.

Tá 8 gcinn acu bán, 5 cinn acu dearg, 2 cheann acu buí agus 1 acu liath.

Tógann sí ceann amháin acu go randamach.

(a) Ciorclaigh an seans go bhfuil an T-léine dearg.

do-tharlaitheach neamh-dhóchúil seans cothrom dóchúil cinnte [1]

(b) Ciorclaigh an seans go bhfuil an T-léine bán.

do-tharlaitheach neamh-dhóchúil seans cothrom dóchúil cinnte [1]

(c) Ciorclaigh an seans go bhfuil an T-léine glas.

do-tharlaitheach neamh-dhóchúil seans cothrom dóchúil cinnte [1]

5 Athraigh 40 míle ina gciliméadair.

Freagra _____ km [2]

6 Is féidir leat an graf seo a úsáid le hathrú a dhéanamh idir clocha agus cileagraim.



(a) Bain úsáid as an ghraf le 30 cloch a athrú ina gcileagraim.

Freagra _____ cileagram [1]

(b) Ordaíonn Nioclás 900 cileagram de bharrithir.

Bain úsáid as an ghraf le 900 cileagram a athrú ina gclocha.

Taispeáin go soiléir an dóigh ar bhain tú úsáid as an ghraf.

Freagra _____ cloch [2]

[Tiontaigh an leathanach

7 **(a)** Léigh Sorcha na treoracha seo a leanas le triantán a tharraingt:

- Rialóir in úsáid agat, tarraing líne chothrománach ó A atá 8 cm ar fad.
- Cuir lipéad B ar an fhoirceann eile.
- Cuir uillinntomhas ag pointe A ar an bhonnlíne AB agus tomhais uillinn 40° Marcáil é le ponc.
- Tarraing líne ó A atá 12 cm ar fad trí do phonc.
- Cuir lipéad C ar fhoirceann na líne.
- Ceangail C de B.

Lean na treoracha agus tarraing triantán Shorcha thíos.

A •

[3]

(b) Tarraing comhthreomharán le sleasa dar faid 5 cm agus 3 cm.

[2]

[Tiontaigh an leathanach

8 **(a)** Is é 0.4 an dóchúlacht go gcuirfidh sé báisteach amárach.

Le X ar an scála, marcáil an dóchúlacht **nach** gcuirfidh sé **báisteach** amárach.



[1]

(b) Tá na huimhreacha 1, 2, 2, 4, 5 agus 8 marcáilte ar aghaidheanna dísle neamhchlaonta.

Mínigh go soiléir cad chuige ar lú an dóchúlacht uimhir phríomha a fháil ná an dóchúlacht ré-uimhir a fháil.

_____

_____

_____ [3]

9 Is mian le hAiléin a theaghlach a thabhairt ar thuras 13 oíche go *Florida*.

Ní mór dó íoc as ceathrar daoine fásta agus triúr páistí.

Gearrfar leathchuid den phraghas do dhaoine fásta ar na páistí.

Bhí sé pleanáilte aige dul ag an Nollaig ach rachaidh sé i mí Aibreáin anois.

Cá mhéad airgid sa bhreis a bheidh air a íoc?

Taispeáin do chuid oibre uilig.

PRAGHSANNA SAOIRE IN *FLORIDA*

Imíonn	7 MF go dtí 15 Samh	16 Samh go dtí 17 Ean	18 Ean go dtí 13 Már	14 Már go dtí 5 Meith	6 Meith go dtí 30 Meith
13 oíche	1699	1899	2049	2149	1899

Taispeántar praghsanna do dhaoine fásta ina £í an duine.

Freagra £ _____ [5]

[Tiontaigh an leathanach

10 Anseo thíos tá na chéad trí théarma de sheicheamh uimhreacha.

90 84 78

(a) Scríobh an 8ú téarma sa tseicheamh uimhreacha seo.

Freagra _____ [1]

(b) Deir Dónall nach féidir le 5 bheith ina théarma sa tseicheamh uimhreacha seo.

An bhfuil Dónall ceart? Mínigh cad chuige.

Freagra_____ [1]

11



Is roth ciorclach é rothlóir atá roinnte ina ocht dteascóg a bhfuil na huimhreacha 1 go 8 orthu, mar atá sa léaráid.

Nuair a chastar é, díreoidh an tsaighead ar cheann amháin de na teascóga.

(a) Cad é a chiallaíonn sé má chuirtear síos ar an rothlóir go bhfuil sé **neamhchlaonta**?

Freagra _____

_____ [1]

(b) **Níl** an rothlóir neamhchlaonta.

Is é 0.15 an dóchúlacht go ndíreoidh an tsaighead ar an teascóg a bhfuil an uimhir 7 uirthi.

Oibrigh amach an dóchúlacht nach ndíreoidh an tsaighead ar an teascóg a bhfuil an uimhir 7 uirthi.

Freagra _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach

12 Tá 648 dalta i scoil.

Is é 4 : 5 an cóimheas buachaillí le cailíní.

Cá mhéad cailín atá sa scoil?



Freagra_____ [2]

13

Treoracha do Shú Súilíneach

Measc 3 chuid de Shú Torthaí

le

7 gcuid de Líomanáid

Tá 600 ml de shú torthaí ag Máirín.

Tá 1800 ml de líomanáid aici fosta.

Cad é líon uasta na lítear de shú súilíneach is féidir léi a dhéanamh?

Freagra _____ lítear [3]

[Tiontaigh an leathanach

14



Bain úsáid as fachtóir scála 2 agus lárphointe an mhéadaithe (0, 0) leis an dronuilleog atá ar taispeáint a mhéadú.

[3]

15 I Meiriceá, cheannaigh Dáithí leabhar ar 28 dollar.

Ba é 1 dollar = 81p an ráta malairte.

Sa Fhrainc, cheannaigh Evie leabhar ar 25 euro.

Ba é £1 = 1.09 euro an ráta malairte.

Cé a d'íoc níos mó agus cá mhéad níos mó?

Freagra _____ a d'íoc _____ níos mó [4]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.